IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 254 de 2024**

---

AN tORDÚ TURASÓIREACHTA, CULTÚIR, EALAÍON, GAELTACHTA, SPÓIRT AGUS MEÁN (FEIDHMEANNA AIRE A THARMLIGEAN) (UIMH. 2), 2024

I.R. Uimh. 254 de 2024

# AN tORDÚ TURASÓIREACHTA, CULTÚIR, EALAÍON, GAELTACHTA, SPÓIRT AGUS MEÁN (FEIDHMEANNA AIRE A THARMLIGEAN) (UIMH. 2), 2024

Ar iarraidh a fháil ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (arna oiriúnú leis an Ordú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020), agus i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 2(1) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 (Uimh. 28 de 1977), ordaíonn an Rialtas leis seo mar a leanas:

1. An tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Uimh. 2), 2024 is teideal don Ordú seo.

2. Déantar cumhachtaí (seachas an chumhacht chun cion a ionchúiseamh) agus dualgais an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a thugtar di–

(a) leis an Acht um Spórt Éireann, 2015 (Uimh. 15 de 2015) seachas alt 4 agus míreanna 2, 3 agus 4 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin, nó faoi,

(b) le halt 847A (a cuireadh isteach le halt 41 den Acht Airgeadais, 2002 (Uimh. 5 de 2002)) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39 de 1997), nó faoi, agus

(c) leis an Acht Deochanna Meisciúla, 2003 (Uimh. 31 de 2003), nó faoi,

a tharmligean chuig Tomás Ó Broin, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil an Rialtais

21 Bealtaine, 2024.

SIMON HARRIS,
Taoiseach.

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an* 24 *Bealtaine*, 2024, *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(*Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.*)

Déantar foráil san Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977, inter alia, le cumhachtaí agus dualgais a tharmligean ó Airí go hAirí Stáit ar mhodh Ordaithe Rialtais. Déantar Orduithe den sórt sin de ghnáth nuair atáthar ag súil go gcomhlíonfaidh Aire Stáit feidhmeanna reachtúla thar ceann Aire. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil gach cumhacht nó dualgas tarmligthe go fóill á dílsiú nó á dhílsiú in Aire an Rialtais i gcomhthráth leis an Aire Stáit agus féadfaidh ceachtar acu iad a fheidhmiú nó a chomhlíonadh. Déantar foráil san Ordú seo do tharmligean na bhfeidhmeanna a bhaineann le Spórt Éireann ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chuig an Aire Stáit le freagracht as Spórt.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN,
CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8,
D08 XAO6

Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD,
KILMAINHAM, DUBLIN 8,
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100
E-mail: publications@opw.ie

---

€ 3.00

9 781399 331173

(CG-7) 30. 5/24. Propylon.